II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN (AE) 2020/2094 ÓN GCOMHAIRLE

an 14 Nollaig 2020

lena mbunaítear Ionstraim Théarnaimh de chuid an Aontais Eorpaigh chun tacú leis an téarnamh i ndiaidh ghéarchéim COVID-19

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 122 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ghlac na Ballstáit sraith bearta nach bhfacthas riamh roimhe chun srian a chur le leathadh COVID-19 faoinar fhógair an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte an 11 Márta 2020 gur paindéim é.

(2) Mar gheall ar na bearta seo, nach bhfacthas riamh roimhe, a rinneadh mar fhreagairt ar an gcás eisceachtúil arb é COVID-19 is cúis leis, rud atá thar smacht Ballstát, tá suaitheadh mór á bhaint as gníomhaíocht eacnamaíoch agus, dá dheasca sin, tá meath mór tagtha ar an olltáirgeacht intíre agus tá tionchar suntasach ag na bearta sin ar an bhfostaíocht, ar dhálaí sóisialta, ar an mbochtaineacht agus ar an neamhionannas. Go sonrach, chuir na bearta sin as go mór do na slabhraí soláthair agus táirgeachta agus ba iad ba chúis le neamhláithreachtaí fostaithe ón ionad oibre. Ina theannta sin, ba dheacair a lán seirbhísí a sholáthar nó níorbh fhéidir é a dhéanamh. San am céanna, tháinig laghdú ar an éileamh ó thomhaltóirí. Tá a lán gnólachtaí thíos le ganntanas leachtachta, agus tá a gcuid sócmhainneachta i mbaol agus, san am ceanna, tá na margaí airgeadais an-luaineach. Tá príomhearnálacha mar an taisteal agus an turasóireacht buailte go dona ar fad. Mar gheall ar na bearta sin i gcoitinne, tháinig meath ollmhór ar staid airgeadais roinnt mhaith gnólachtaí san Aontas cheana féin nó tiocfaidh meath ollmhór orthu go fóill.

(3) Tá an ghéarchéim arb é COVID-19 is cúis léi tar éis leathadh go tapa san Aontas agus i dtríú tíortha. Meastar go mbeidh fás eacnamaíoch san Aontas á chrapadh go mór in 2020. Tá na rioscaí a bhaineann leis an téarnamh an-mhíchothrom i mBallstáit éagsúla, rud a chuirfidh go mór leis an éagsúlacht idir na geilleagair náisiúnta. Mar gheall ar chumas fioscach difriúil na mBallstát chun tacaíocht airgeadais a thabhairt san áit is mó a dteastaíonn sí i leith an téarnaimh agus mar gheall ar éagsúlacht idir bearta na mBallstát, tá an margadh aonair chomh maith leis an gcomhtháthú sóisialta agus críochach á gcur i mbaol.

(4) Is gá sraith chuimsitheach beart don téarnamh eacnamaíoch. Teastaíonn méideanna substaintiúla infheistíochta poiblí agus príobháidí i leith na sraithe beart sin chun go rachaidh téarnamh inbhuanaithe athléimneach chun sochair don Aontas Eorpach, poist ardcháilíochta a chruthú, tacú le cuimsiú sóisialta agus an dochar is déanaí a rinneadh de dheasca ghéarchéim COVID-19 a leigheas agus, san am céanna, tacú le tosaíochtaí glasa agus digiteacha an Aontais.

(5) Is gá cur chuige comhleanúnach aontaithe ar leibhéal an Aontais mar gheall ar an gcás eisceachtúil arb é COVID-19 is cúis leis atá thar smacht na mBallstát. D'fhonn cosc a chur lena thuilleadh meatha ar an ngeilleagar, ar an bhfostaíocht agus ar an gcomhtháthú sóisialta agus chun borradh a chur faoi théarnamh inbhuanaithe athléimneach gníomhaíochtaí eacnamaíocha, ba cheart clár eisceachtúil comhordaithe um thacaíocht eacnamaíoch agus shóisialta a chur i bhfeidhm, de mheon na dlúthpháirtíochta idir na Ballstáit, go háirithe do na Ballstáit sin a buaileadh go han-dona ar fad.

(6) Ós rud é gur freagairt eisceachtúil ar imthosca sealadacha diana sin é an Rialachán seo, níor cheart an tacaíocht dá bhforáiltear faoi a chur ar fáil ach amháin chun críocha aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí díobhálacha ghéarchéim COVID-19 nó ar na riachtanais láithreacha chistiúcháin ionas nach dtiocfaidh géarchéim COVID-19 chun cinn an athuair.

(7) Leis an tacaíocht faoin ionstraim arna bunú leis an Rialachán seo (an "Ionstraim") ba cheart an fócas a dhíriú go háirithe ar bhearta chun margaí saothair agus cosaint shóisialta, mar aon le córais cúraim sláinte, a athbhunú, chun borradh a chur faoin acmhainneacht fáis agus fostaíochta inbhuanaithe d'fhonn an comhtháthú idir na Ballstáit a neartú agus tacú leo aistriú i dtreo geilleagar glas agus digiteach, tacaíocht a thabhairt do ghnólachtaí a ndearnadh díobháil dóibh de dheasca thionchar ghéarchéim COVID-19, go háirithe tacú le fiontair bheaga agus mheánmhéide chomh maith le tacú le hinfheistíocht i ngníomhaíochtaí atá ríthábhachtach chun an fás inbhuanaithe a neartú san Aontas lena n-áirítear infheistíocht dhíreach airgeadais i bhfiontair, bearta le haghaidh an taighde agus na nuálaíochta mar fhreagairt ar ghéarchéim COVID-19, bearta le haghaidh fothú acmhainneachta ar leibhéal an Aontais chun feabhas a chur ar an ullmhacht do ghéarchéimeanna amach anseo, chun iarrachtaí aistriú cothrom chuig geilleagar aeráidneodrach a áirithiú agus na hiarrachtaí sin a choimeád, agus tacú leis an talmhaíocht agus leis an bhforbairt i gceantair thuaithe le haghaidh a thabhairt ar thionchar ghéarchéim COVID-19.

(8) Tá úsáid le baint as na sásraí caiteachais arna mbunú trí chláir an Aontais faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil chun a áirithiú go mbeidh téarnamh inbhuanaithe athléimneach ar fud an Aontais agus chun a éascú go gcuirfear an tacaíocht eacnamaíoch chun feidhme. Tá tacaíocht faoi na cláir sin le cur ar fáil i bhfoirm tacaíochta neamh-inaisíoctha, iasachtaí, agus soláthar le haghaidh ráthaíochtaí buiséadacha. Ba cheart leithdháileadh na n-acmhainní airgeadais a léiriú a mhéid atá na cláir sin in ann rannchuidiú le cuspóirí na hIonstraime. Ba cheart do ranníocaíochtaí leis na cláir sin faoin Ionstraim a bheith faoi réir dhianchomhlíonadh chuspóirí na hIonstraime, a bhaineann le tacú leis an téarnamh i ndiaidh ghéarchéim COVID-19.

(9) I bhfianaise chineál na mbeart atá le maoiniú, ba cheart cuid amháin de na méideanna atá ar fáil faoin Ionstraim seo a úsáid le haghaidh iasachtaí do na Ballstáit, agus ba cheart an chuid eile de na méideanna a bheith ina hioncam sannta seachtrach chun críche Airteagal 21(5) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]) (an "Rialachán Airgeadais") agus ba cheart í a úsáid le haghaidh tacaíocht neamh-inaisíoctha, tacaíocht trí ionstraimí airgeadais nó soláthar le haghaidh ráthaíochtaí buiséadacha agus caiteachas gaolmhar ag an Aontas. Chuige sin, mar chuid de na bearta riachtanacha faoin Rialachán seo, is iomchuí Airteagal 21(5) den Rialachán Airgeadais a chumasú, le go gcumhdófar sannadh faoin Rialachán seo, mar bhunghníomh, cuid den ioncam dá bhforáiltear faoin gcumhachtú eisceachtúil sealadach dá bhforáiltear faoin gCinneadh ón gComhairle maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2014/335/AE, Euratom ón gComhairle ([2]) (an "Cinneadh maidir le hAcmhainní Dílse").

(10) Cé go bhfuil feidhm ag pointe (c) d'Airteagal 12(4) agus ag Airteagal 14(3) den Rialachán Airgeadais maidir le leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus leithreasuithe íocaíochta a chuirtear ar fáil i ndáil leis an ioncam sannta seachtrach faoin Rialachán seo, i bhfianaise na dteorainneacha ama a leagtar síos do na cineálacha éagsúla tacaíochta, níor cheart leithreasuithe faoi chomhair gealltanas a eascraíonn as an ioncam sannta seachtrach sin a thabhairt anonn go huathoibríoch thar na dátaí deiridh faoi seach, cé is moite de leithreasuithe faoi chomhair gealltanas is gá le haghaidh cúnamh teicniúil agus riaracháin chun na bearta a leagtar amach san Ionstraim a chur chun feidhme.

(11) Ba cheart leithreasuithe faoi chomhair gealltanas le haghaidh tacaíocht neamh-inaisíoctha a chur ar fáil go huathoibríoch suas go dtí an méid údaraithe. Ba cheart leachtacht a bhainistiú go héifeachtach, ionas nach dtiomsaítear cistí ach amháin nuair is gá gealltanais dhlíthiúla a chomhlíonadh trí leithreasuithe íocaíochta comhfhreagracha.

(12) Ós rud é go bhfuil sé tábhachtach úsáid a bhaint as na méideanna le linn na chéad bhlianta de chur chun feidhme na hIonstraime, is iomchuí athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta maidir le cur chun feidhme na hIonstraime agus maidir le húsáid na tacaíochta a leithdháilfear i gcomhréir leis an Rialachán seo. Chuige sin, ba cheart don Choimisiún tuarascáil a ullmhú faoin 31 Deireadh Fómhair 2022.

([1]) Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

([2]) Cinneadh 2014/335/AE, Euratom ón gComhairle an 26 Bealtaine 2014 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh (IO L 168, 7.6.2014, lch. 105).

(13) Foráiltear le Airteagal 135(2) den Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach ([3]) (an "Comhaontú um Tharraingt Siar") nach bhfuil leasuithe ar Cinneadh 2014/335/AE, Euratom a ghlacfar ar dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe um Tharraingt Siar nó dá éis le feidhm a bheith acu maidir leis an Ríocht Aontaithe a mhéid a bheidh tionchar ag na leasuithe sin ar oibleagáidí airgeadais na Ríochta Aontaithe. An tacaíocht faoin Rialachán seo agus an méadú comhfhreagrach ar uasteorainn acmhainní dílse an Aontais, bheadh tionchar acu sin ar oibleagáidí airgeadais na Ríochta Aontaithe. Teorannaítear le hAirteagal 143(1) den Chomhaontú um Tharraingt Siar dliteanas na Ríochta Aontaithe as a sciar de dhliteanais theagmhasacha airgeadais an Aontais chuig na dliteanais theagmhasacha airgeadais de chuid an Aontais a eascraíonn ó oibríochtaí airgeadais a rinne an tAontas roimh dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe um Tharraingt Siar. Aon dliteanas teagmhasach airgeadais de chuid an Aontais a thagann as tacaíocht faoin Rialachán seo, ní bheadh feidhm aige go dtí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe um Tharraingt Siar. Dá bhrí sin, níor cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir leis an Ríocht Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ábhar agus raon feidhme

1. D'fhonn tacú leis an téarnamh i ndiaidh ghéarchéim COVID-19, bunaítear leis an Rialachán seo Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh (an "Ionstraim").

2. Le tacaíocht faoin Ionstraim, maoineofar, go sonrach, na bearta seo a leanas chun dul i ngleic le hiarmhairtí díobhálacha eacnamaíocha ghéarchéim COVID-19 nó leis na riachtanais láithreacha chistiúcháin ionas nach dtiocfaidh an ghéarchéim sin chun cinn an athuair:

(a) bearta chun fostaíocht agus cruthú post a athbhunú;

(b) bearta i bhfoirm athchóirithe agus infheistíochtaí chun borradh a chur faoin acmhainneacht fáis agus fostaíochta inbhuanaithe d'fhonn an comhtháthú idir na Ballstáit a neartú agus a n-athléimneacht a mhéadú;

(c) bearta le haghaidh gnólachtaí a ndearna tionchar eacnamaíoch na géarchéime COVID-19 díobháil dóibh, go háirithe bearta a théann chun tairbhe d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide, chomh maith le tacú le hinfheistíocht i ngníomhaíochtaí atá ríthábhachtach chun an fás inbhuanaithe a neartú san Aontas, lena n-áirítear infheistíocht dhíreach airgeadais i bhfiontair;

(d) bearta le haghaidh an taighde agus na nuálaíochta mar fhreagairt ar ghéarchéim COVID-19;

(e) bearta chun leibhéal ullmhachta an Aontais do ghéarchéimeanna a mhéadú agus a áirithiú gur féidir leis an Aontas freagairt a thabhairt go tapa agus go héifeachtach i gcás éigeandálaí móra, lena n-áireofar soláthairtí agus trealamh leighis fíor-riachtanacha a stoc-charnadh agus na bonneagair riachtanacha a fháil i gcomhair mearfhreagartha i gcás géarchéime;

(f) bearta chun a áirithiú nach mbainfidh géarchéim COVID-19 an bonn d'aistriú cothrom chuig geilleagar aeráidneodrach;

(g) bearta chun aghaidh a thabhairt ar thionchar ghéarchéim COVID-19 ar an talmhaíocht agus ar an bhforbairt tuaithe.

3. Cuirfear na bearta dá dtagraítear i mír 2 i gcrích faoi chláir shonracha de chuid an Aontais agus i gcomhréir le gníomhartha ábhartha an Aontais lena leagtar síos rialacha maidir leis na cláir sin agus cuspóirí na hIonstraime á lánurramú. Áireofar ar na bearta sin cúnamh teicniúil agus riaracháin chun iad a chur chun feidhme.

Airteagal 2

An Ionstraim a mhaoiniú agus cistí a leithdháileadh

1. Maoineofar an Ionstraim de mhéid suas le EUR 750 000 milliún i bpraghsanna 2018 ar bhonn an chumhachtaithe dá bhforáiltear in Airteagal 5 den Chinneadh maidir le hAcmhainní Dílse.

Chun críocha cur chun feidhme faoi chláir shonracha an Aontais, déanfar an méid dá dtagraítear sa chéad fhomhír a choigeartú ar bhonn díbhoilsceoir seasta 2 % in aghaidh na bliana. Do leithreasuithe faoi chomhair gealltanas, beidh feidhm ag an díbhoilsceoir sin maidir leis na tráthchodanna bliantúla.

([3]) IO L 29, 31.1.2020, lch. 7.

2. Déanfar na hacmhainní dá dtagraítear i mír 1 a leithdháileadh mar a leanas:

(a) leithdháilfear tacaíocht suas le EUR 384 400 milliún i bpraghsanna 2018 i bhfoirm tacaíochta neamh-inaisíoctha agus tacaíochta in-aisíoctha trí ionstraimí airgeadais, mar a leanas:

(i) suas le EUR 47 500 milliún i bpraghsanna 2018 le haghaidh cláir struchtúracha agus chomhtháthaithe den chreat airgeadais ilbhliantúil 2014-2020 faoi mar atá sé á neartú go dtí 2022, lena n-áirítear tacaíocht trí ionstraimí airgeadais;

(ii) suas le EUR 312 500 milliún i bpraghsanna 2018 le haghaidh clár chun téarnamh agus athléimneacht eacnamaíoch shóisialta a mhaoiniú trí thacaíocht d'athchóirithe agus d'infheistíochtaí;

(iii) suas le EUR 1 900 milliún i bpraghsanna 2018 le haghaidh cláir a bhaineann leis an gcosaint shibhialta;

(iv) suas le EUR 5 000 milliún i bpraghsanna 2018 le haghaidh cláir a bhaineann leis an taighde agus an nuálaíocht, lena n-áirítear tacaíocht trí ionstraimí airgeadais;

(v) suas le EUR 10 000 milliún i bpraghsanna 2018 le haghaidh cláir a thacaíonn leis na críocha agus iad ag aistriú chuig geilleagar aeráidneodrach;

(vi) suas le EUR 7 500 milliún i bpraghsanna 2018 le haghaidh na forbartha i gceantair thuaithe;

(b) iasachtaí suas le EUR 360 000 milliún i bpraghsanna 2018 do na Ballstáit le haghaidh clár chun téarnamh agus athléimneacht eacnamaíoch agus shóisialta a mhaoiniú trí thacaíocht a thabhairt d'athchóirithe agus d'infheistíochtaí;

(c) suas le EUR 5 600 milliún i bpraghsanna 2018 le haghaidh soláthar le haghaidh ráthaíochtaí buiséadacha agus do chaiteachas gaolmhar le haghaidh na gclár atá dírithe ar thacú le hoibríochtaí infheistíochta i réimse bheartais inmheánacha an Aontais;

Airteagal 3

Rialacha maidir le cur chun feidhme an bhuiséid

1. Chun críche Airteagal 21(5) den Rialachán Airgeadais, is éard a bheidh in EUR 384 400 milliún i bpraghsanna 2018, den mhéid dá dtagraítear in Airteagal 2(1) den Rialachán seo, ioncam sannta seachtrach le haghaidh chláir an Aontais dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 2(2) den Rialachán seo agus is éard a bheidh in EUR 5 600 milliún i bpraghsanna 2018 den mhéid sin ioncam sannta seachtrach le haghaidh chláir an Aontais dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 2(2) den Rialachán seo.

2. Úsáidfear EUR 360 000 milliún i bpraghsanna 2018, den mhéid dá dtagraítear in Airteagal 2(1), le haghaidh iasachtaí do na Ballstáit faoi chláir an Aontais dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 2(2).

3. Déanfar leithreasuithe faoi chomhair gealltanas lena gcumhdaítear tacaíocht le haghaidh chláir an Aontais dá dtagraítear i bpointí (a) agus (c) d'Airteagal 2(2) a chur ar fáil go huathoibríoch suas go dtí na méideanna faoi seach dá dtagraítear sna pointí sin amhail ó dháta theacht i bhfeidhm an Chinnidh maidir le hAcmhainní Dílse lena bhforáiltear don chumhachtú dá dtagraítear in Airteagal 2(1) den Rialachán seo.

4. Is é an Coimisiún nó a ghníomhaireachtaí feidhmiúcháin a rachaidh i mbun na ngealltanas dlíthiúil as a n-eascraíonn caiteachas don tacaíocht dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 2(2), agus, i gcás inarb iomchuí, i bpointe (c) d'Airteagal 2(2) faoin 31 Nollaig 2023. Rachfar i mbun gealltanas dlíthiúil arb ionann iad agus 60 % ar a laghad den mhéid dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 2(2) faoin 31 Nollaig 2022.

5. Glacfar cinntí maidir leis na hiasachtaí dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 2(2) a dheonú faoin 31 Nollaig 2023.

6. Maidir le ráthaíochtaí buiséadacha an Aontais suas le méid a chomhfhreagraíonn, i gcomhréir leis an ráta soláthair ábhartha a leagtar amach sna bunghníomhartha faoi seach, don soláthar le haghaidh ráthaíochtaí buiséadacha dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 2(2), soláthar atá ag brath ar phróifílí riosca na n-oibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta a fhaigheann tacaíocht, ní dheonófar iad ach amháin chun tacú le hoibríochtaí a bheidh formheasta ag na contrapháirtithe faoin 31 Nollaig 2023. Déanfar forálacha sna comhaontuithe maidir le ráthaíochtaí buiséadacha lena gceanglófar go bhformheasfaidh na contrapháirtithe oibríochtaí airgeadais a chomhfhreagraíonn do 60 % ar a laghad de mhéid na ráthaíochtaí buiséadacha sin faoin 31 Nollaig 2022. I gcás ina n-úsáidfear soláthar le haghaidh ráthaíochtaí buiséadacha do thacaíocht neamh-inaisíoctha a bhaineann leis na hoibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 2(2), rachaidh an Coimisiún i mbun na ngealltanas dlíthiúil gaolmhar faoin 31 Nollaig 2023.

7. Ní bheidh feidhm ag míreanna 4 go 6 den Airteagal seo maidir le cúnamh teicniúil agus riaracháin dá dtagraítear in Airteagal 1(3).

8. Déanfar costais ó chúnamh teicniúil agus riaracháin le haghaidh chur chun feidhme na hIonstraime, amhail gníomhaíochtaí ullmhúcháin, faireacháin, rialaithe, iniúchóireachta agus meastóireachta lena n-áirítear córais teicneolaíochta faisnéise chorparáideacha chun críocha an Rialacháin seo, a mhaoiniú ó bhuiséad an Aontais.

9. Déanfar íocaíochtaí a bhaineann leis na gealltanais dhlíthiúla a dhéanfar, leis na cinntí a ghlacfar agus leis na forálacha maidir le hoibríochtaí airgeadais a fhormheasfar i gcomhréir le míreanna 4 go 6 den Airteagal seo faoin 31 Nollaig 2026, cé is moite den chúnamh teicniúil agus riaracháin dá dtagraítear in Airteagal 1(3) agus de chásanna, go heisceachtúil, inarb amhlaidh, cé gur tugadh an gealltanas dlíthiúil ina leith, gur glacadh an cinneadh nó gur formheasadh an oibríocht, ar théarmaí a chomhlíonann an sprioc-am is infheidhme faoin mhír seo, ina bhfuil íocaíochtaí tar éis 2026 riachtanach ionas go mbeidh an tAontas in ann a oibleagáidí i leith tríú páirtithe a chomhlíonadh, lena n-áirítear mar thoradh ar bhreithiúnas críochnaitheach i gcoinne an Aontais.

Airteagal 4

Tuairisciú

Faoin 31 Deireadh Fómhair 2022, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid na Comhairle maidir leis an dul chun cinn i gcur chun feidhme na hIonstraime agus maidir le húsáid na gcistí a leithdháilfear i gcomhréir le Airteagal 2(2).

Airteagal 5

Infheidhmeacht

1. Ní bheidh an Rialachán seo infheidhme maidir leis an Ríocht Aontaithe ná sa Ríocht Aontaithe.

2. Tagairtí do "na Ballstáit" sa Rialachán seo, ní thuigfear go bhfuil an Ríocht Aontaithe san áireamh iontu.

Airteagal 6

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 14 Nollaig 2020.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
M. ROTH